



OIFIG AN PHRÍOMH-ATURNAE STÁIT
CHIEF STATE SOLICITOR'S OFFICE

Tuarascáil ar Bhearna Phá Inscne
Oifig an Phríomh-Atur nae Stáit

Réamhrá

Leis an [Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní 2021](#), tugadh isteach an bonn reachtúil le haghaidh tuairisciú ar Bhearna Pá Inscne in Éirinn. Tháinig rialacháin faoin Acht i bhfeidhm an 31 Bealtaine 2022. Ceanglaítear go dlíthiúil ar gach eagraíocht a bhfuil níos mó ná 250 ball foirne acu Tuarascáil ar Bhearna Pá Inscne a chur isteach faoi dheireadh gach bliana.

De réir 2022 – i mbliana ceanglaíodh ar eagraíochtaí dáta a roghnú in 2023 mar a ndáta roghbhlúire agus athbhreithniú a dhéanamh ar an airgead a íocadh le fostaithe fireanna agus bainearna le 12 mhí roimhe sin. Ceanglaítear ar eagraíochtaí tuairisc a thabhairt ar an Meánbhearna Pá Inscne (Mean) agus ar an mBearn Pá Airmheánach Inscne ina n-eagraíocht.

Chun cabhrú leis seo a éascú, d'fhorbair NSSO tuarascáil chaighdeánach do chliant chun cabhrú leo a n-oibleagáidí tuairiscithe Bearn Pá Inscne a chomhlíonadh gach bliain. D'oibrigh foireann na hAnailísíochta Sonraí NSSO go dlúth leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige atá freagrach as an mbeartas agus an reachtaíocht um Thuairisciú Bearn Pá Inscne, chun cur chuige caighdeánach comhaontaithe a fhoirmiú is féidir a chur i bhfeidhm ar gach cliant párolla OPAS.

Dáta Roghbhlúire

Roghnaíodh an tréimhse pá sheachtainiúil agus choicisiúil dheireanach i mí an Mheithimh 2023 mar an tréimhse roghbhlúire do thuairisciú Bearn Pá Inscne. Ba í seo seachtain 25 in 2023, arb ionann é agus an dáta roghbhlúire **23 Meitheamh 2023**. Is é an dáta aighneachta is déanaí don tuarascáil ar Bhearna Pá Inscne ná an dáta comhfhreagrach i mí na Nollag 2023. Toisc gurb é an 23 Meitheamh 2023 an dáta roghbhlúire, is é an **23 Nollaig 2023** an dáta aighneachta is déanaí den tuarascáil.

Tréimhse Tuairiscithe

Tá na sonraí sa tuarascáil ar Bhearna Pá Inscne do 2023 bunaithe go hiomlán ar shonraí ón gcóras Párolla ó thréimhse párolla Sheachtain 26 de 2022 go dtí an tréimhse párolla Seachtain 25 de 2023.

Sonraí: Foinsí agus teorainneacha

Phróiseáil an NSSO na sonraí go léir a bhaineann le pá/tuarastal thar ceann an CSSO. Phróiseáil AD OPAS sonraí ginearálta maidir le héifeachtaí saoire fostaithe (gan phá, srl.) ag leibhéal áitiúil.

Tagraíonn na sonraí tuarastail do gach fostaí OPAS a bhí ar an bpárolla an 23 Meitheamh 2023 agus léiríonn siad a luach saothair carnach do gach tréimhse párolla ón 01 Iúil 2022.

Nótaí: Is féidir an bhearna phá inscne a chur in iúl mar an difríocht idir meántuilleamh bliantúil na bhfear agus na mban arna shloinneadh mar chéatadán de mheántuilleamh bliantúil na bhfear. Tá an bhearna pá inscne difriúil ó choincheap an phá éagothrom. Tá scálaí pá na Státseirbhíse go hiomlán trédhearcach agus ní cheadaíonn siad pá éagothrom a bheith ann de bharr idirdhealú inscne.

Anailís ar Bhearna Pá Inscne an Phríomh-Aturnae Stáit

Soláthraíonn an tuarascáil seo an t-eolas a choimre ar Bhearna Pá Inscne. Léiríonn an tuarascáil dhá phríomhmhéadracht, an **Mheánbhearna Pá Inscne %** agus an **Bhearna Pá Airmheán Inscne %**. Léiríonn an tuarascáil líon iomlán na bhfear agus na mban atá san áireamh sa tuarascáil agus an pá gaolmhar agus líon na n-uaireanta a oibríodh lena n-áirítear ragobair. Bunaithe ar an bhfaisnéis seo ríomhtar ráta uaire an fhostaí do gach duine bunaithe ar an méid iomlán a íocadh le linn na tréimhse tuairiscithe roinnte ar an méid iomlán uaireanta a oibríodh lena n-áirítear ragobair.

Meánbhearna Pá Inscne %

Tá an **Mheánbhearna Pá Inscne (Meán) %** bunaithe ar an ríomh seo a leanas: an difríocht idir an meánráta in aghaidh na huairé a íoctar le fireannaigh agus an meánráta in aghaidh na huairé a íoctar le bainearnaigh arna shloinneadh mar chéatadán den meánráta in aghaidh na huairé a íoctar le fireannaigh.

OPAS: Don tréimhse ón 01 Iúil 2022 go dtí an 23 Meitheamh 2023 ba é Meánbhearna Pá (Meán) OPAS ná -10.78%, rud a chiallaíonn gur íocadh (ar an meán) le mná 10.78% níos mó ná a gcomhghleacaithe fireanna.

Bearna Pá Inscne Airmheánach %

Tá an **Bhearna Pá Inscne Airmheánach %** bunaithe ar an ríomh seo a leanas, an difríocht idir an ráta airmheánach in aghaidh na huairé a íoctar le fireannaigh agus an ráta airmheánach in aghaidh na huairé a íoctar le bainearnaigh arna shloinneadh mar chéatadán den ráta airmheánach in aghaidh na huairé a íoctar le fireannaigh.

OPAS: Don tréimhse ó 01 Iúil 2022 go 23 Meitheamh 2023 bhí Bearna Pá Inscne Airmheánach OPAS -30.77% i bhfabhar na mbainearnaigh.

Anailís Cheathairíl Ráta in aghaidh na hUaire

Léiríonn an tuarascáil seo ráta in aghaidh na huairé an fhostaí arna mhiondealú ina cheathairíl. Is í an phríomh-mhír le hathbhreithniú ná conas a chuirtear an dáileadh inscne i ngach ceathairíl aonair i gcomparáid leis an dáileadh inscne foriomlán.

Ceathairíleanna OPAS-

Ceathairíl 1: an chéad 25% den fhoireann a fhaigheann suas le €21.99 in aghaidh na huairé.

Ceathairíl 2: an chéad 25% eile den fhoireann a fhaigheann ó €22.00 go €42.59 in aghaidh na huairé.

Ceathairíl 3: an chéad 25% eile den fhoireann a fhaigheann ó €42.40 go €50.16 in aghaidh na huairé.

Ceathairíl 4: an chéad 25% eile den fhoireann a fhaigheann ó €50.16 go €50.16 in aghaidh na huairé.

OPAS: Don tréimhse ó 01 Iúil 2022 go 23 Meitheamh 2023 ba é dáileadh foriomlán inscne CSSO ná **37.57% fireann agus 62.43% bainearnaigh**.

Tuairisciú ar Bhearna Pá Inscne OPAS

Eagraíocht:	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
--------------------	--------------------------------

DÁTA ROGHBHLÚIRE

Dáta roghbhlúire:	23 Meitheamh 2023
Tréimhse tuairiscithe - ó:	01 Iúil 2022
Tréimhse tuairiscithe - go:	23 Meitheamh 2023

LÍON NA BHFOSTAITHE ar dháta roghbhlúire

LÍON NA BHFOSTAITHE	fostaithe lánaimseartha	páirtaimseartha fostaithe	IOMLÁN fostaithe	arna bhfuil sealadach
Fireann	126	4	130	5
Baineann	187	29	216	9
Eile				
IOMLÁN	313	33	346	14

Méadracht Bearna Pá Inscne [Rialacháin 7(1), 8(1), 9(1), 10(1)]

	Bearna inscne i Luach Saothair in aghaidh na hUaire			
	Meán	%	Airmheán	%
Gach Fostaí	R.7(1)(a)	-10.78%	R.8(1)(a)	-30.77%
Fostaithe Páirtaimseartha	R.7(1)(b)	13.20%	R.8(1)(b)	7.61%
Fostaithe Sealadacha	R.7(1)(c)	-1.51%	R.8(1)(c)	0.13%

Nóta – ciallaíonn na figiúirí **lúide** go bhfuil an Bhearna Pá anseo i bhfabhar na mbaineannaigh

	Bearna inscne i mBónus			
	Meán	%	Airmheán	%
Bónas	R.9(1)(a)	N/A	R.9(1)(b)	N/A

	% de na Fireann go léir		% de na Baineann go léir	
	R.9(1)(c)	N/A	R.9(1)(c)	N/A
% ag fáil Bónas	R.9(1)(c)	N/A	R.9(1)(c)	N/A
% i bhfáil Sochair Comhchineáil	R.9(1)(d)	N/A	R.9(1)(d)	N/A

Ceathairíleanna Pá	% Fireann		% Baineann	
Ceathairíl 1	R.10(1)(a)	47.13%	R.10(1)(a)	52.87%
Ceathairíl 2	R.10(1)(b)	36.78%	R.10(1)(b)	63.22%
Ceathairíl 3	R.10(1)(c)	37.04%	R.10(1)(c)	62.96%
Ceathairíl 4	R.10(1)(d)	29.67%	R.10(1)(d)	70.33%

CSSO Ráiteas Bearna Pá Inscne

Eagraíocht:

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Cúiseanna leis na difríochtaí a bhaineann le luach saothair atá inchurtha le hinscne

Toisc go bhfuil pá na Státseirbhíse socraithe go lárnach agus nach ndéanann sé idirdhealú de réir gnéis, mar gheall ar dhéimeagrafaic OPAS (baineann 62.5% den fhoireann iomlán reatha agus baineann 72% den Bhord Bainistíochta freisin) tá an Bhearna Pá Inscne i bhfabhar baineannaigh san eagraíocht seo den chuid is mó. Ag meánleibhéal (meán) tá an bhearna i bhfabhar baineannaigh faoi 10.78% san OPAS. Ag an leibhéal airmheánach tá sé i bhfabhar baineannaigh 30.77%.

Mar sin féin, tá bearna pá inscne ann freisin i bhfabhar na fireannaigh nuair a fhéachaimid ar fhoireann Pháirtaimseartha s.é. postroinnteoírí. Tá an bhearna i bhfabhar fireannaigh sa chohórt seo 13.20% ar an meán agus 7.61% ag an leibhéal airmheánach.

Is féidir na cúiseanna atá leis seo a chur i leith na solúbthachta atá sa Státseirbhís, is iad sin scéimeanna ar nós *Comhroinnt Oibre, Saoire Thuismitheoireachta, Saoire Thuismitheoirí agus Bliain Oibre Níos Giorra*. Agus scrúdú níos géire á dhéanamh againn is féidir linn a fheiceáil go bhfuil an chuid is mó de na fostaithe atá sa chohórt *Páirtaimseartha (postroinnteoírí) in CSSO comhdhéanta d'fhostaithe baineanna*.

Nuair a dhéanaimid athbhreithniú ar Chomhroinnt Oibre (fostaithe páirtaimseartha) in 2023, mar shampla, is féidir linn a fheiceáil gur mná iad 88% den fhoireann sa chohórt seo.

Tá tionchar soiléir ag an bpá laghdaithe a thagann le postroinnt ar mheánphá in aghaidh na huaire na mbaineann sa chohórt Páirtaimseartha seo.

Bearta atá á nglacadh, nó atá molta a dhéanamh chun difríochtaí den sórt sin a dhíchur nó a laghdú

Déanfaidh OPAS a dícheall anailís ghéar a dhéanamh ar an méadracht arna dtáirgeadh ag an NSSO go luath in 2024. Tugann na torthaí tosaigh le fios nach bhfuil aon bhac ar OPAS ar dhul chun cinn gairme na mbaineann agus go bhféadfaí féachaint air mar fhostóir roghnaithe do bhaineannaigh ag an leibhéal cléireachais agus gairmiúil araon.

Foilseachán

Dáta foilsithe na tuarascála:	19 Nollaig, 2023
Má fhoilsítear ar líne é, an URL:	www.attorneygeneral.ie/csso/english/publications.htm
Mura bhfoilsítear í ar líne, an láthair ina bhfuil an tuarascáil ar fáil lena hiniúchadh:	